

Anailísí Sonraí Taighde

Feidhmeannach Easpa Dídeine Réigiún Bhaile Átha Cliath

Conradh Téarma Sheasta 2 Bhliain

Cúlra agus Achoimre ar an Ról

Struchtúr reachtúil speisialaithe comhsheirbhísí is ea Feidhmeannach Easpa Dídeine Réigiún Bhaile Átha Cliath (DHRE) lena dtacaíonn an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, na ceithre Údarás Áitiúla de chuid Bhaile Átha Cliath (Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas, Comhairle Contae Fhine Gall agus Comhairle Contae Dhún Laoghaire - Ráth an Dúin) agus FSS. Tá sé de chúram air dul i ngleic le riachtanais daoine gan dídean sa réigiún. Tá oifig an DRHE lonnaithe sa phríomhúdarás áitiúil reachtúil i réigiún Bhaile Átha Cliath, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Tá an DRHE freagairt as pleanáil, comhordú agus riarachán an mhaoinithe a bhaineann le seirbhísí ardchaighdeán a chur ar fáil do dhaoine gan dídean i réigiún Bhaile Átha Cliath, agus as forbairt freagairtí chun easpa dídeine a chosc. Oibríonn sé i gcomhpháirtíocht le réimse gníomhaireachtaí deonacha agus reachtúla a mhaoinítear chun seirbhísí a sheachadadh i gcomhréir le samhail *Pathway to Home* de sheirbhísí comhtháite ag baint úsáid as cur chuige tithíochta.

Tacaíonn an DRHE le clár leanúnach anailísí taighde agus sonraí. Braitheann an obair ar úsáid as sonraí riaracháin fairsinge, go háirithe sonraí fíor-ama a ghabhtar ar úsáid chóiríochta agus soláthar tacaíochta trí bhunachar sonraí PASS (Córas Cóiríochta agus Seirbhísí Pathway). Córas ar líne is ea PASS ina soláthraítear faisnéis 'fíor-ama' i gcomhthéacs láithriú daoine gan dídean agus áitíocht leapacha ar fud réigiún Bhaile Átha Cliath agus rannpháirtíocht tacaíochta. Baintear úsáid as chun faisnéis staitistiúla maidir le próifíl an daonra gan dídean a chruthú, úsáid seirbhísí agus imeachtaí as tionóntachtaí agus monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo réimse spriocanna agus cuspóirí náisiúnta agus réigiúnacha a bhaint amach.

Tacaíonn an Ghníomhaireacht Tithíochta leis an gclár taighde sin.

Tá iarratais á lorg againn anois le haghaidh **Anailísí Sonraí Taighde**. Beidh an post seo bunaithe in Oifigí Fheidhmeannach Easpa Dídine Réigiún Bhaile Átha Cliath i gCé an Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, agus baineann tréimhse thosaigh dhá bhliain leis agus d'fhéadfaí é a shíneadh ar feadh suas le bliain amháin, ag brath ar riachtanais oibre agus ar mhaoiniú.

Dualgais agus Freagrachtaí:

- Sonraí ó PASS agus ó bhunachair shonraí agus ó fhoinsí éagsúla a bhailiú, a ullmhú agus a anailísiú
- Tuarascálacha agus léiriúcháin físiúla a fhorbairt agus a chur i láthair
- Bunachair shonraí a fhorbairt agus/nó a chothabháil
- Cláreagrú staitistiúil agus/nó matamaiticiúil a fheidhmiú
- Pacáistí bogearraí staitistiúla éagsúla a úsáid chun torthaí staitistiúla a achoimriú agus a léirmhíniú
- Comhairliúchán, cúnamh teicniúil, oiliúint agus comhordú a chur ar fáil le haghaidh úsáideoirí éagsúla bunachar sonraí agus tuarascálacha.
- Comhairle agus cúnamh a thabhairt don fhoireann chun na huirlisí bailithe sonraí cuí a chinneadh chun sonraí lasmuigh de chóras PASS a bhailiú.
- Gníomhaíochtaí staidéir a dhearadh, a chur chun feidhme agus a comhordú nuair de réir mar is gá
- Maoirseacht a dhéanamh ar shocrúcháin mac léinn agus ar thionscadail taighde choimisiúnaithe

Riachtanais pearsanta/oideachais

- Cáilíocht tríú leibhéal cuí go leibhéal Máistreacht i ndisciplín ábhartha amhail beartas sóisialta, socheolaíocht, staitisticí, tíreolaíocht, planáil uirbeach agus réigiúnach agus/nó eacnamaíocht.
- Scileanna ríomhaireachta den scoth in SPSS, Excel, PowerPoint, Word agus Outlook.
- Tá scileanna maithe scríbhneoireachta agus cumarsáide ríthábhachtach

Inniúlachtaí

- **Taighde cainníochtúil agus cáilíochtúil** – taithí chruthaithe ar chórais anailíse sonraí (SPSS nó a choibhéis) a úsáid, agus go sonrach, tacair shonraí móra a ullmhú agus cleachtaí bailithe sonraí ar mhórsála a úsáid ag baint úsáid as saorálaithe.
- **Scileanna anailíseacha** – scileanna beartais/taighde cruthaithe agus mionchruinneas sármhaith
- **Scileanna eagraíochta** - scileanna sármhaithe bainistíochta tascanna (nó tionscadail) mar aon leis an gcumas oibriú ar iltascanna (nó iltionscadail) go comhuaineach chun spriocdhátaí comhaontaithe a chomhlíonadh.

- **Obair foirne** - beidh sé nó sí ábalta caidreamh oibre dearfach le comhghleacaithe agus le páirtithe leasmhara.
- **Saineolas** – tuiscint mhaith ar an gcreat beartais/reachtach easpa dídine agus tithíochta in Éirinn.

Tuarastal:

Is é an scála tuarastail do phost an Anailísí Sonraí Taighdeora (Scála Tuarastail ÚÁ):

€46,770 - €47,898 - €49,260 - €51,818 - €53,345

- LSI 1 - €55,246
- LSI 2 - €57,157

Déanfar an ceapachán ar an bpointe scala iontrála, ar aon dul le beartas reatha an Rialtais. D'fhéadfadh téarmaí agus coinníollacha éagsúla a bheith i bhfeidhm má tá tú ag fónamh faoi láthair mar státseirbhíseach/fhostaí sa tseirbhís phoiblí díreach roimh an gceapachán.

Spriocdháta: Dé Máirt, 30ú lá de mhí Iúil, ag 12.00 meán lé

Nós Imeachta Iarratais:

- Ba chóir iarratais a chur isteach le ríomhphost chuig recruitment@housingagency.ie
- Ba chóir do gach iarratasóir litir chlúdaigh a chur isteach ina léirítear go gcreideann said go bhfuil said oiriúnach don ról seo, mar aon le Foirm Iarratais chomhlánaithe de chuid na Gníomhaireachta Tithíochta. Cuirfear iarratasóir ar an ngearrliosta bunaithe ar an bhfaisnéis a chuir siad ar fáil.
- Ní ghlacfar le hiarratais mhalla nó neamhiomlána ar bith.

Má dhiúltaíonn an duine a mholfar don cheapachán, nó i ndiaidh dó nó di é a ghlacadh, go scarann sé nó sí leis nó má thagann folúntas breise ar bith chun cinn féadfaidh an Gníomhaireacht, de réir a rogha féin, duine eile a roghnú agus a mholadh don cheapachán ar thorthaí an phróisis roghnúcháin seo.